CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 140/24

**Lucsamburg, 11 Meán Fómhair 2024**

Breithiúnais na Cúirte Ginearálta i gCásanna T-635/22 | Fridman agus páirtithe eile v an Chomhairle agus T-644/22 | Timchenko agus Timchenko v an Chomhairle

# Smachtbhannaí eacnamaíocha i gcoinne na Rúise: tá dlínse ag an gComhairle oibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar a bhunú chun éifeachtúlacht na mbeart maidir le reo na gcistí a áirithiú

*Tugann an comhrac i gcoinne socruithe dlíthiúla agus airgeadais lena n-éascaítear imchéimniú beart sriantach údar leis na hoibleagáidí sin*

Cuireadh ainm Elena Timchenko agus Gennady Timchenko, Mikhail Fridman, Petr Aven agus German Khan ar liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin.

I bhfianaise chastacht mhéadaitheach na scéimeanna um chóras na smachtbhannaí a sheachaint, ghlac an Chomhairle, an 21 Iúil 2022, Rialachán [1] lena bhforáiltear d'oibleagáidí maidir le tuairisc a thabhairt ar chistí agus maidir le comhar leis an údarás inniúil náisiúnta. Caithfear le mainneachtain na n-oibleagáidí sin a chomhlíonadh mar imchéimniú na mbeart maidir le reo na gcistí. Go nithiúil, is é an aidhm atá ann ná an úsáid a bhaintear as socruithe casta dlíthiúla agus airgeadais a chur ó rath, a d'fhéadfadh a bheith níos deacra, mura bhfuil sé níos éasca dul timpeall ar bhearta, do na húdaráis náisiúnta inniúla na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bearta sriantacha a shainaithint.

Thug na páirtithe lena mbaineann caingne os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ag iarraidh go ndéanfaí na hoibleagáidí sin maidir lena gcistí nó a n-acmhainní eacnamaíocha a thuairisciú a neamhniú roimh an 1 Meán Fómhair 2022 agus maidir le comhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla. Measann siad, ós rud é nach bhfuil na hoibleagáidí sin le feiceáil i gcinneadh arna dhéanamh ag an gComhairle i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES), nach féidir iad a mheas mar bhearta is gá chun cinneadh den sórt sin a chur chun feidhme. Go háirithe, measann siad gur mí-úsáid cumhachtaí atá sa Rialachán ón gComhairle toisc gur cheart go dtiocfadh glacadh na n-oibleagáidí atá i gceist faoi chumhacht cur chun feidhme na mBallstát.

**Diúltaíonn** an Chúirt Ghinearálta do na caingne go léir.

Sna breithiúnais uaithi, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta go gceadaítear le dlí an Aontais don Chomhairle rialacháin a ghlacadh chun bearta sriantacha a chur chun feidhme nó chun éifeacht a thabhairt dóibh d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad i ngach Ballstát. Maidir leis na bearta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, **níl siad teoranta d'oibleagáidí gan gníomhú** agus **d'fhéadfadh an Chomhairle oibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar a ghlacadh**, cé nár foráladh go sainráite dóibh sa chinneadh lena mbaineann siad.

Measann an Chúirt Ghinearálta freisin nár chuir an Chomhairle í féin in ionad na mBallstát agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a gcuirfí na bearta sriantacha chun feidhme agus a ngearrfaí smachtbhannaí orthu ina gcríoch. Os a choinne sin, déanann na húdaráis náisiúnta **a n-inniúlacht a choimeád** chun cineál coiriúil,

sibhialta nó riaracháin an chiona a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí imchéimnithe agus na pionóis a ghabhann leis an gcion sin a chinneadh.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

**NÓTA:** Laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, résumé na mbreithiúnas (T-635/22 agus T-644/22) ar shuíomh réasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (AE) 2022/1273 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.